Moltaí d'úsáid sábháilte an iPad

1. Leanfaidh mé "**Beartas um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta**" Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin i gcónaí.

2. Tiocfaidh mé ar scoil le m'**iPad luchtaithe** gach maidin.
   Tuigim go bhfuil sé riachtanach go bhfuil m'iPad ag feidhmiú i gceart chun an úsáid is fearr a bhaint as do m'fhoghlaim féin.

3. Ní thabharfaidh mé mo **phasfhocal** d'aon duine eile riamh seachas do mo thuismitheoirí/chaomhnóirí agus dos na múinteoirí.
   Más gá dom mo phasfhocal a athrú déarfaidh mé le mo mhúinteoir láithreach bonn.

4. Ag am sosa agus am lóin cuirfidh mé m'iPad isteach i mo **thaisceadán**.

5. Beidh mé **cúramach** agus mé ag iompar an iPad i gcónaí.
   - ✓ Coimeádfaidh mé an clúdach sábháilteachta ar m'iPad i gcónaí.
   - ✓ Ní chuirfidh mé bia nó deoch oscailte in aice le m'iPad.
   - ✓ Ní thabharfaidh mé m'iPad ar iasacht d'aon duine.

6. Ní dhéanfaidh mé aon ní nach mbaineann leis an **obair scoile** ar m'iPad.

7. **I rith ranganna** léanfaidh mé na treoirlínte seo a leanas:

   - ✓ *Beidh m'iPad go **cothrom** ar an deasca i gcónaí, seachas, le cead an mhúinteora, ag tabhairt faoi tascanna ar leith.*
   - ✓ *Leanfaidh mé **treoracha an mhúinteora** i gcónaí sa rang ag cinntiú go bhfuilim ag úsáid na haipeanna cuí don tasc atá ar bun againn sa rang.*
   - ✓ *Ní tógfaidh mé **grianghraf**, **fís** nó **taifead fuaime** riamh gan cead an mhúinteora agus aon pháirtí eile atá bainteach leis.*
   - ✓ *Má thagann dalta isteach i bpictiúr trí thimpiste, déanfaidh mé cinnte an duine sin a ghlanadh amach as láithreach nó an pictiúr a scrios agus é a thógaint arís.*
   - ✓ *Ní sheolfaidh mé **teachtaireachtaí** nó **doiciméid** riamh gan cead an mhúinteora.*

8. Mar pháirt do m'**obair bhaile** gach Aoine rachaidh mé tríd m'iPad agus scriosfaidh mé aon ghrianghraif, doiciméid, taifead agus/nó ríomhphost nach bhfuil ag teastáil uaim a thuilleadh le haghaidh mo chuid foghlama.

9. Má tugaim aon ní **mí-oiriúnach** faoi ndeara faoi m'iPad riamh déarfaidh mé le m'oide ranganna é láithreach bonn.

10. Tuigim go ndéantar **seiceáil** go rialta agus go randamach ar iPadanna i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Tuigim go ndéantar é seo **ar mhaithe sábháilteacht gach dalta** sa scoil agus go gcabhraíonn sé liom an tairbhe is fearr a bhaint as m'iPad mar áis oideachasúil.